Radharc an Gheimhridh

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin drochaimsir a bhí ó thuaidh aréir. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat.

Ar chuir an sneachta isteach ort féin?

Cén drochaimsir a bhí againn an t-am seo anuraidh?

An bhfuilimid in ann déileáil leis an drochaimsir níos fearr de bharr drochshneachta na bliana seo caite?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Northwest _____ Minor accident

Gnólachtaí _____ Photograph

Flichshneachta _____ Travel

Mionthimpiste _____ Businesses

Taisteal _____ Predicted

Sleamhain _____ Sleet

Reophointe _____ Sights/Views

Grianghraf _____ Iarthuaisceart

Radhairc _____ Suitable

Fóirsteanach _____ Slippy

Tuartha _____ Freezing point

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht focail a aimsiú sa mhír a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na focail thíos.

Cosúlacht/Cruth

Dún na nGall

Tromlach

Tuaisceart na hÉireann

Ceaptar

Oiriúnach

Dúnta

Ceist 4 ‘*Iarthuaisceart…’* Déan iarracht iad seo thíos a aistriú go Gaeilge:

1. The South
2. The North
3. The West
4. The East
5. South West
6. North West
7. North East
8. South East
9. West coast
10. East coast

Ceist 5 Féach anois ar an sliocht ón mír thíos agus déan iarracht na gnéithe gramadaí thíos a aimsiú.

a. Dhá shampla d’aidiacht bhriathartha

b. An tuiseal ginideach uatha

Bliain san am seo bhí brat bán ar an chontae uile, bhí scoileanna druidte agus a lán daoine sáinnithe ina gcuid tithe. Seo é an chéad bhrat sneachta atá feicthe sa chontae an geimhreadh seo. Cé go bhfuil go leor daoine nach bhfáilteoidh roimhe, deir oifig na haimsire go bhfuil a thuilleadh sneachta tuartha anocht don Iarthuaisceart, go háirithe ar thalamh ard.

c. Déan iarracht anois an fhoirm aidiacht bhriathartha a aimsiú do na briathra thíos:

Clois, Impigh, Léigh, Críochnaigh, Glan, Imir, Abair, Aistrigh, Téigh Oil

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

‘*Ní féidir braith ar na húdaráis sa tír seo má bhíonn drochaimsir againn arís i mbliana’.*

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Déan na ceisteanna a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Northwest _____ Iarthuaisceart

Gnólachtaí _____ Businesses

Flichshneachta _____ Sleet

Mionthimpiste _____ Minor accident

Taisteal _____ Travel

Sleamhain _____ Slippy

Reophointe _____ Freezing point

Grianghraf _____ Photograph

Radhairc _____ Sights/Views

Fóirsteanach _____ Suitable

Tuartha _____ Predicted

Ceist 3

Cosúlacht/Cruth _____ Cuma

Dún na nGall _____ Tír Chonaill

Tromlach _____ Mórchuid

Tuaisceart na hÉireann _____ Na sé chontae

Ceaptar _____ Meastar

Oiriúnach _____ Fóirsteanach

Dúnta _____ Druidte

Ceist 4

1. An Deisceart
2. An Tuaisceart
3. An tIarthar
4. An tOirthear
5. An tIardheisceart
6. An tIarthuaisceart
7. An tOirthuaisceart
8. An tOirdheisceart
9. An cósta thiar
10. An cósta thoir

Ceist 5

a. Aidiacht bhriathartha

Druidte, sáinnithe, feicthe, tuartha

b. An tuiseal ginideach uatha

An chéad bhrat *sneachta*

Oifig na *haimsire*

A thuilleadh *sneachta*

c.Clois _____Cloiste

Impigh _____Impithe

Léigh _____Léite

Críochnaigh __Críochnaithe

Glan _____Glanta

Imir _____Imeartha

Abair _____Ráite

Aistrigh _____Aistrithe

Téigh _____Dulta

Oil _____Oilte

Ceist 6

Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Éimear Ní Chonaola

Fuair muintir an Iarthuaiscirt agus thuaisceart Éireann a gcéad amharc ar maidin de shneachta an gheimhridh. Cé nár cuireadh as do scoileanna ná do ghnólachtaí, tá an chuma air go luífidh an brat sneachta agus go dtitfidh tuilleadh anocht.

Áine Ní Bhreisleáin

Bhí ceantair[1] sa Ghaeltacht lár i dTír Chonaill geal bán ar maidin tar éis sneachta na hoíche aréir. Bhí lá fuar oibre ag fear an phoist a bhí amuigh san fhlichshneachta i mBaile na Finne ach bhí lá níos fuaire arís ag na hainmhithe a bhí amuigh ar na sléibhte sna Gleannta. Bhí an mhórchuid de bhealaí sábháilte le tiomáint orthu sa chontae inniu, cé go raibh cúpla mionthimpiste in áiteanna[2]. Bhí trácht in ann taisteal ar bhealach an Bhearnais Mhóir taobh amuigh de Bhaile Dhún na nGall ach bhí bealach Mhín an Fhir Rua sa Ghaeltacht Lár sleamhain go leor.

Ó thuaidh, thit thar chúig ceintiméadar de shneachta aréir agus bhí 125 inneall sna sé chontae ag spré gráin ar bhealaí[3] ó bhí aréir ann. Bhuail siocán aerfort George Best i mBéal Feirste, áit ar cuireadh moill ar ocht n-eitleán de chuid *Flybe* mar nach raibh a dtrealamh dí-oighrithe ag feidhmiú mar is ceart.

Meastar go dtitfidh an teocht do dhá chéim faoi bhun an reophointe anocht. Táthar ag impí ar thiománaithe a gcuid soilse[4] a chur ar siúl agus a bheith ag tiomáint go mall. Tá taithí mhaith ag pobal an Iarthuaiscirt ar shiocán is ar shneachta faoin am seo - bhí said ag leanúint[5] ar aghaidh lena gcuid gnóthaí inniu. Don té ar theastaigh uaidh grianghraif a thógáil bhí neart radhairc[6] amuigh ansin fóirsteanach do chárta Nollag.

Bliain san am seo bhí brat bán ar an chontae uile[7], bhí scoileanna[8] druidte agus a lán daoine sáinnithe ina gcuid tithe. Seo é an chéad bhrat sneachta atá feicthe sa chontae an geimhreadh seo. Cé go bhfuil go leor daoine nach bhfáilteoidh roimhe, deir oifig na haimsire go bhfuil a thuilleadh sneachta tuartha anocht don Iarthuaisceart, go háirithe ar thalamh ard.

Áine Ní Bhreisleáin sa Ghaeltacht Lár i gContae Dhún na nGall.

---

1 ceantracha
2 áiteacha a deirtear sa sliocht
3 ar bhealtraí a deirtear sa sliocht
4 Solais a deirtear
5 leanstan a deirtear i gcanúint Thír Chonaill
6 radharcanna a deirtear
7 uilig a deirtear sa sliocht
8 Scoilteacha a deirtear sa sliocht